# IARRATAS AR CHEADÚNAS TRÁDÁLA

RF 700

**LÉIGH NA NÓTAÍ THALL SULA GCOMHLÁNAÍONN TÚ AN FHOIRM SEO.**

## A. SONRAÍ AN IARRATASÓRA

Cód an Gharáiste

An tUas/Iníon/Bean Uí, etc

Céad Ainm (neacha)

Sloinne NÓ Ainm na Cuideachta

Seoladh

Baile/Cathair

Contae

Uimh Theil

Uimh CBL/IAS

Luach Inrátála an Áitribh €

**NÓ**

Cead Pleanála – Dáta Deonta

Lá Mí Bliain

## TEAGMHÁLAÍ

An tUas/Iníon /Bean Uí, etc

Céad Ainm (neacha)

Sloinne

## B. SONRAÍ ÁRACHAIS

**Ainm na Cuideachta Árachais (Ní Bróicéir)**

Dáta éaga an Teastais Árachais faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, ar leasú

Lá Mí Bliain

## C. SONRAÍ CEADÚNAIS

1. **Cineál Iarratais** (Cuir tic le to thoil) Féach Nóta C thall
   - (i) Iarratas ar Cheadúnas/ais Nua
   - (ii) Iarratas ar cheadúnas/ais bhreise
   - (iii) Iarratas ar athsholáthar ceadúnais
   - Bhí an uimhirphláta

**CAILLTE** **GOIDTE** **SCRIOSTA**

2. **Líon Plátaí atá ag Teastáil** (suas go 6 an fhoirm iarratais)

Na Feithiclí Go Léir

Gluaisrothair Amháin

**IOMLÁN**

3. **Ceadúnas/ais Dheiridh éaga (más ann)**

31 Nollaig (Bliain)

4. **Tús Cheadúnas/ais Nua**

1ú Eanáir (Bliain)

## ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN

| | |
|---|---|
| Airgead | € |
| Seic | € |
| Ordú Poist | € |
| Dréacht Bainc | € |
| Eile | € |

Dáta a Fuarthas

| | Uimhirphláta | Cineál | Táille |
|---|---|---|---|
| 1. | | | € |
| 2. | | | € |
| 3. | | | € |
| 4. | | | € |
| 5. | | | € |
| 6. | | | € |

Táille Athsholáthair €

**IOMLÁN €**

AR CBL

RV PP

Dáta Eisithe

## D. DEARBHÚ

Dearbhaím (i) go bhfuil na mionsonraí atá tugtha ar an bhfoirm seo ceart.
(ii) go bhfuil mé/an Chuideachta mar mhonaróir nó deisitheoir, nó déileálaí ar fheithiclí inneallghluaiste.

Síniú

Dáta

# NÓTAÍ

Téigh i dteagmháil le d'Oifig Mótarchánach áitiúil le do thoil má theastaíonn aon chúnamh uait leis an bhfoirm seo a chomhlánú.

## 1. Cá huair ar chóir an fhoirm seo a úsáid

Is féidir an fhoirm seo a úsáid le cur isteach ar suas le sé Cheadúnas Trádála, nó ar Athsholáthar Cheadúnas Trádála más rud é gur cailleadh, goideadh nó scriosadh an ceadúnas a bhí agat roimhe seo.

## 2. Conas an fhoirm seo a chomhlánú

**Roinn A**

- Cuir isteach d'ainm, seoladh agus uimhir theileafóin sa spás atá curtha ar fáil. I gcás EINTITEAS DLÍTHIÚIL ní mór go ndearbhófaí an teideal dlíthiúil iomlán agus ceart, e.g. i gcás cuideachta chláraithe, ba chóir go luafaí an t-ainm mar atá sé sa Deimhniú Corpraithe. Mura cuideachta chláraithe é an trádálaí, ní mór go mbeidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe in ainm duine.
- Cuir isteach an uimhir CBL, NÓ an uimhir Ioncaim agus Árachais Shóisialaigh (IAS) nuair nach mbíonn an láimhdeachas níos mó ná an t-uasmhéid chun críocha cláraithe CBL.
- Cuir isteach an Luacháil do chuspóirí Rátála, NÓ, uimhir an Cheada Phleanála agus an dáta a deonaíodh é más áitreabh nua é agus nach ndearnadh é a luacháil go fóill.
- Cuir isteach ainm an té ar féidir dul i dteagmháil le i rith na gnáthuaireanta oifige, má éilítear sin.

**Roinn B**

Cuir isteach ainm na Cuideachta Árachais atá ag cur an chlúdaigh chuí do Thrádálaí Mótair ar fáil faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, agus dáta éaga an pholasaí árachais sin. Beidh do Theastas Árachais i dteannta leis an iarratas seo. Bunteastas agus ní cóip a bheidh leis.

**Roinn C**

**C1.** Léirigh cén cineál iarratais atá tú ag déanamh trí tic a chur le bosca (i), (ii) nó (iii). Má tá tú ag déanamh iarratais ar athsholáthar ceadúnais (iii), cuir isteach uimhir chláraithe an cheadúnais a bhí agat agus cuir tic leis an mbosca Caillte, Goidte nó Scrioste, cibé acu is gaire do chúis athsholáthair an cheadúnais. Tabhair ar aird nach mór aon phláta atá á athsholáthar agus atá fós i do sheilbh a thabhairt don Oifig Mhótarchánach leis an iarratas seo.

**C2.** Cuir isteach líon gach cineál pláta trádála a bheidh ag teastáil uait. Is féidir iarratas a dhéanamh ar suas le sé phláta trádála ar an iomlán leis an bhfoirm seo. Má theastaíonn níos mó ná sé phláta trádála uait, ní mór duit foirm(eacha) breise a chomhlánú.

**C3.** Más rud é go raibh pláta trádála agat roimhe seo, cuir isteach an bhliain inár éag an ceadúnas/na ceadúnais phláta trádála is deireanaí a bhí agat.

**C4.** Cuir isteach an bhliain ina gcuirfear an pláta/na plátaí trádála a bhfuiltear ag déanamh iarratais ina leith anois i bhfeidhm.

**Roinn D**

- Ní mór go gur leis an Trádálaí Mótair an síniú ar an iarratas. I gcás cuideachtaí atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 1963, ní mór gur leis an Stiúrthóir Bainistíochta nó an Rúnaí an síniú. Nuair is comhlacht príobháideach atá i gceist, ní mór síniú duine de na comhpháirtithe a chur isteach.
- Is cion tromchúiseach é dearbhú bréagach a dhéanamh.

## 3. Cad a chaithfidh a bheith i dteannta na foirme seo

NÍ MÓR go mbeidh na doiciméid seo a leanas leis an iarratas seo:

- Táille – Ní mór duit seic nó ordú poist don táille chuí, a bheidh iníoctha leis an gComhairle Chontae/Comhairle Chathrach agus trasnaithe "Cuntas Mótarchánach" a chur isteach. Ná cuir airgead tríd an bpost. Téigh i dteagmháil le d'Oifig Mótarchánach áitiúil le soiléiriú a fháil maidir leis na táillí cuí nó modhanna íoctha eile.
- Fianaise go bhfuiltear cláraithe le haghaidh Cáin Bhreisluacha (uimhir CBL), NÓ an uimhir Ioncaim agus Árachais Shóisialaigh (IAS) nuair nach mbíonn an láimhdeachas níos mó ná an t-uasmhéid chun críocha cláraithe CBL.
- Fianaise ar Luacháil do chuspóirí Rátála áitribh an iarratasóra, nó, fianaise ar an gCead Pleanála más áitreabh nua é agus nach ndearnadh é a luacháil go fóill.
- Teastas Árachais reatha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, arna leasú, a oireann do Thrádálaí Mótair.
- Más infheidhme, an Pláta a bhfuil athsholáthar á dhéanamh air más rud é go bhfuil sé fós i do sheilbh.

EOLAS AR PHLÁTAÍ TRÁDÁLA

- Leagtar amach na coinníollacha ina féidir le hiarratasóirí Ceadúnais Thrádála a eisiúint agus a úsáid in Alt 21 den Acht Airgeadais (Uimh 2), 1992, sna Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú), (Uimh. 2) 1992 agus sna Rialacháin um Chlárú agus Cánachas Feithiclí, 1992.
- NÍL Ceadúnais Trádála inaistrithe.
- Is féidir Ceadúnais Trádála a eisiúint ar feadh uasthréimhse de bhliain féilire amháin. Ní bheidh aon laghdú i ndleacht sa chás gur éag cuid den bhliain roimh dháta eisithe an Cheadúnais Trádála. Ní bheidh aon aisíoc ar dhleacht in imthosca ar bith.
- Ní mór an Oifig Mhótarchánach a chur ar an eolas láithreach más rud é go gcailltear, go ngoidtear nó go scriostar Ceadúnas Trádála. Mura bhfuil ach pláta amháin i gceist ba chóir an pláta eile a thabhairt ar ais chuig an Oifig Mhótarchánach. Má bhíonn athsholáthar ar phláta riachtanach, ba chóir iarratas a dhéanamh chuig an Oifig Mhótarchánach. Is cion é ag sealbhóir ceadúnais nó ag duine eile cóip de cheadúnas trádála a dhéanamh nó a thaispeáint. Is é €1269.74 an uasphionóis ar chiontuithe ciona coir iúil a bhaineann le ceadúnas trádála agus/nó téarma príosúnachta nach mbeidh níos mó ná sé mhí.
- Má dhiúltaítear d'iarratas ar Cheadúnas Trádála, beidh sé de cheart agat achomharc a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche maidir leis an ndiúltiú sin faoi Alt 21(9) den Acht Airgeadais (Uimh 2), 1992.

**Ráiteas Príobháideachta**

Éilíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) ar chustaiméirí faisnéis phearsanta ar leith a sholáthar d'fhonn feidhmeanna reachtacha agus riaracháin a chomhlíonadh. Caithfidh an Roinn le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil mar fhaisnéis agus sonraí atá faoi rún de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí agus reachtaíocht Cosanta Sonraí.
D'fhéadfaí, de réir dlí, do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais nó gníomhaireachtaí eile atá ag teacht faoi théarmaí tagartha DTTAS. Tá na sonraí ar fad maidir le beartas cosanta sonraí na Roinne, ina leagtar amach mar a bhainfimid leas as do chuid faisnéise pearsanta, chomh maith le heolas maidir le do chearta mar dhuine is údar do na sonraí le fáil ag www.dttas.gov.ie/dataprotection.
Tá cóip chrua de na sonraí maidir leis an mbeartas seo le fáil freisin ach ríomhphost á iarraidh a sheoladh chuig dataprotection@dttas.gov.ie nó scríobh chuig an Aonad Cosanta Sonraí, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Lána Líosain, Baile Átha Cliath D02 TR60.